Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2016**
**(OR. en)**

**12807/16**

**CLIMA 132**
**ENV 630**
**ONU 110**
**DEVGEN 215**
**ECOFIN 866**
**ENER 345**
**FORETS 52**
**MAR 247**
**AVIATION 196**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Meán Fómhair 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12688/16 CLIMA 122 ENV 615 ONU 103 DEVGEN 209 ECOFIN 850 ENER 337 FORETS 46 MAR 241 AVIATION 192 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i Marrakech (7 - 18 Samhain 2016)<br>– Conclúidí ón gComhairle (30 Meán Fómhair 2016) |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir leis na hullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i Marrakech (7-18 Samhain 2016), a ghlac an Chomhairle ag an 3486ú cruinniú a bhí aici ar an 30 Meán Fómhair 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Ullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i Marrakech (7-18 Samhain 2016)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

*Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,*

**Comhaontú Pháras**

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an toradh stairiúil agus uaillmhianach ar thángthas air i mí na Nollag 2015 i bPáras nuair a ghlac an domhan an chéad chomhaontú fíordhomhanda, atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, agus é mar aidhm an fhreagairt dhomhanda ar an mbagairt ón athrú aeráide a neartú, i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus na n-iarrachtaí le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear trí: (a) an méadú sa mheánteocht dhomhanda a choimeád i bhfad faoi bhun 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú sa teocht a theorannú do 1.5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha, (b) cur leis an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus (c) a chinntiú go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach leis an mbealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de;

2. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát tiomanta na gnéithe uile den toradh cothrom ar thángthas air i bPáras a chur chun feidhme, lena n-áirítear an comhaontú, cinneadh COP Pháras (1/CP.21) agus rannchuidithe beartaithe arna gcinneadh go náisiúnta (INDCanna); agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá an t-ardú gasta sa ghníomhaíocht ar son na haeráide arna dhéanamh ag gníomhaithe neamhstáit mar a léirítear i gclár oibre gníomhaíochta Líoma Pháras, arb é anois an clár oibre maidir le gníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide é; CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chun feidhme chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe maidir le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhaontú sa Chomhairle maidir le daingniú Chomhaontú Pháras, thar ceann an Aontais Eorpaigh; IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarracht atá déanta ag na Ballstáit uile lena chinntiú go dtabharfaí a nósanna imeachta náisiúnta daingniúcháin chun críche ar bhealach gasta; AONTAÍONN SÍ sna himthosca atá ann faoi láthair gurb iomchuí don Aontas a ionstraim dhaingniúcháin a thaisceadh faoi cheann an 7 Deireadh Fómhair 2016; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag na Ballstáit a gcuid ionstraimí daingniúcháin a thaisceadh in éineacht leis an Aontas nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dlús polaitiúil idirnáisiúnta chun Comhaontú Pháras a thabhairt i bhfeidhm go luath in 2016 agus an méadú atá ag teacht ar líon na dtíortha a bhfuil a n-ionstraimí daingniúcháin taiscthe acu cheana; MOLANN SÍ do thíortha eile an daingniúchán a dhéanamh a luaithe agus is féidir; TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR leis an gcur chuige cuimsitheach lena chinntiú go bhféadfaidh na páirtithe uile leanúint de pháirt a ghlacadh i bhforbairt na sonraí a bhaineann le Comhaontú Pháras agus cuidiú go hiomlán leis an bhforbairt sin;

**Cur chun feidhme intíre agus tacaíocht do chomhpháirtithe idirnáisiúnta**

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá an tAontas leanúint lena bheartais maidir leis an aeráid a chur chun feidhme i gcomhréir lena thosaíochtaí polaitiúla, lena n-áirítear an t-aontas fuinnimh, agus le gníomhaíocht uaillmhianach a dhéanamh ar son na haeráide d'fhonn rannchuidithe beartaithe arna gcinneadh go náisiúnta (INDCanna) de chuid an Aontais a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ i bhFÁTH go mbainfidh an tAontas a sprioc don bhliain 2020 amach, de réir na sonraí is déanaí, rud a dhearbhaítear le leibhéil na n-astaíochtaí in 2014 atá 24% níos ísle ná leibhéil 1990; DEARBHAÍONN SÍ DON ATHUAIR go bhfuil leasú Doha ar Phrótacal Kyoto á chomhlíonadh cheana ag an Aontas agus a chuid Ballstát; MEABHRAÍONN SÍ creat rialála 2030 a leagtar amach i gconclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2014 ón gComhairle Eorpach, lena n-áirítear sprioc cheangailteach AE 2030 maidir leis an aeráid i ndáil leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre a laghdú faoi 40% ar a laghad, le hais astaíochtaí 1990; i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thíolaic an Coimisiún Eorpach na tograí in earnálacha neamh-ETS (earnálacha a bhaineann le talamhúsáid, le hathrú ar thalamhúsáid agus le foraoiseacht (LULUCF) agus an rialachán maidir le comhroinnt díchill), a thagann sa mhullach ar an togra le hathchóiriú a dhéanamh ar chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh;

5. IARRANN SÍ AR na páirtithe uile na beartais a chur i bhfeidhm agus bearta a shaothrú chun a gcuid (I)NDCanna a bhaint amach agus chun dul i mbun pleanáil oiriúnaithe agus cur chun feidhme na gníomhaíochta, agus chun a áirithiú go ndéanfar na (I)NDCanna agus na gealltanais oiriúnaithe uile a chomhtháthú go hiomlán sa phleanáil a dhéanann siad ar bhonn náisiúnta agus ina straitéisí náisiúnta trasna na n-earnálacha uile sa gheilleagar; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thiomanta agus atá an tAontas agus na Ballstáit leanúint den taithí atá acu a roinnt le tíortha comhpháirtíochta agus tacú leis na tíortha sin ó thaobh beartais uaillmhianacha maidir leis an aeráid a fhorbairt agus a chur chun feidhme, i gcomhthéacs na forbartha ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de; IS MÓR AICI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag stáit, ag réigiúin agus ag gníomhaithe neamhstáit faoi láthair le hionstraimí laghdaithe costéifeachtacha, praghsáil carbóin san áireamh, a chur ar aghaidh; Agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí breise atá á ndéanamh sa réimse sin;

6. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa mar uirlis beartais chun bealaí iontaofa a fhorbairt lena mbainfí amach cothromaíocht idir astaíochtaí antrapaigineacha domhanda ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa sa dara leath den chéad; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach maidir le hanailís chuimsitheach a ullmhú ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a ghabhfaidh le bealaí atá comhsheasmhach le sprioc fhadtéarma theochta Chomhaontú Pháras ionas go bhféadfaí cur leis an díospóireacht pholaitiúil i gcomhthéacs straitéisí forbartha lár an chéid a fhorbairt i ndáil le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa;

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta níos mó leasa a bhaint as maoiniú don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, mar chuid d'iarracht dhomhanda, faoi stiúir na dtíortha forbartha, go háirithe ar mhaithe le cuidiú le tíortha i mbéal forbartha i ndáil le maolú agus oiriúnú chun a gcuid straitéisí faoi stiúir tíre a chur chun feidhme, go háirithe na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta; DEARBHAÍONN SÍ DON ATHUAIR go mbeidh ról suntasach leanúnach ag maoiniú poiblí don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide; DEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát de mhaoin phoiblí don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a chur ar fáil chun críocha an mhaolaithe agus an oiriúnaithe; AITHNÍONN SÍ gur foinse thábhachtach í an earnáil phríobháideach chun an chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a mhaoiniú agus do shreafaí ábhartha eile infheistíochta; IS DÍOL SÁSAIMH DI go dtugtar, i gComhaontú Pháras, comhartha láidir don earnáil phríobháideach maidir le sreafaí airgeadais a chur i dtreo infheistíochtaí ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide de; DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé de rún aici na conclúidí maidir le maoiniú don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a ghlacadh go luath;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go seolfar tionscnamh comhpháirtíochta NDC i Marrakech ag an 22ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 22) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC);

**An próiseas idirnáisiúnta**

9. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gurb amhlaidh, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, chun an sprioc theochta fhadtéarmach atá ann a bhaint amach, go bhfuil sé d'aidhm ag na páirtithe buacadh domhanda na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach a luaithe is féidir, agus laghduithe meara a dhéanamh ina dhiaidh sin, ionas go mbainfear cothromaíocht amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa sa dara leath den chéad seo; MEABHRAÍONN SÍ cuspóir an Aontais, i gcomhthéacs na laghduithe is gá do na tíortha forbartha a dhéanamh mar aon ghrúpa amháin, de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, arb é an cuspóir astaíochtaí a laghdú 80-95% faoin mbliain 2050 le hais 1990; IS DÍOL SÁSAIMH DI an cinneadh ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide tuarascáil speisialta a chur ar fáil in 2018 maidir leis na tionchair a ghabhann le téamh domhanda 1.5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus leis na bealaí gaolmhara domhanda astaíochtaí gás ceaptha;

10. MEABHRAÍONN SÍ GUR ÁBHAR IMNÍ DI na conclúidí ó Thuarascáil Sintéise Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide maidir le héifeachtaí comhiomlána INDCanna nach bhfuil inchurtha leis na hiarrachtaí riachtanacha leis an sprioc fhadtéarma theochta a bhaint amach; SONRAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin gur ríthábhachtach iad an timthriall uaillmhéine agus an creat trédhearcachta a leagtar amach i gComhaontú Pháras; IARRANN SÍ ar na páirtithe uile próiseas atá oiriúnach don fheidhm a cheapadh maidir le stocáireamh domhanda lena gcabhrófaí le cur lena gcuid gníomhaíochtaí intíre, le huaillmhian dhomhanda agus le comhar idirnáisiúnta deonach agus lena ndéanfaí measúnú ar an dul chun cinn comhchoiteann i dtreo chuspóir an chomhaontaithe seo, agus na spriocanna fadtéarmacha atá ann maidir le maolú, oiriúnú agus modhanna cur chun feidhme, a bhaint amach; agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé go ndéanfar dícheall go mbeidh creataí ama comhchoiteanna ann le haghaidh na bpáirtithe uile dá gcuid NDCanna;

11. Sa chomhthéacs sin, BEARTAÍONN SÍ go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach in Idirphlé Éascaitheach 2018 arb é an chéad deis thábhachtach é chun machnamh a dhéanamh ar iarrachtaí comhchoiteanna na bpáirtithe i ndáil le dul chun cinn chun sprioc theochta fhadtéarmach Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

12. MEABHRAÍONN SÍ a thiomanta agus atá an tAontas agus a Bhallstáit d'fheabhas a chur ar an gcomhar agus ar ghníomhaíocht chomhpháirteach nithiúil le tíortha comhpháirtíochta i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Taidhleoireachta 2016 maidir leis an Aeráid.

**Torthaí insoláthartha Marrakech**

13. TACAÍONN SÍ le hUachtaránacht nua Mharacó ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP/CMP) sna tionscnaimh atá aici sa tréimhse roimh an gcomhdháil agus ag COP 22 féin, chun go dtiocfar ar thoradh a mbeidh gach páirtí sásta leis;

14. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur Comhdháil Páirtithe atá dírithe ar ghníomhaíocht agus ar chur chun feidhme a bheidh i gceist le COP 22 i Marrakech agus gur cheart rannpháirtíocht leanúnach dhomhanda i bhfabhar gníomhaíocht uaillmhianach aeráide a léiriú leis an gcomhdháil, lena n-áirítear trí dhul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an gclár oibre chun mionsonraí Chomhaontú Pháras a ullmhú de bhun Chinneadh 1/CP.21 agus chun ullmhú do chur chun feidhme fhorálacha uile an chomhaontaithe, ina gcuimsítear maolú, oiriúnú, modhanna cur chun feidhme agus tacaíochta ar bhealach cothrom; AITHNÍONN SÍ sa chomhthéacs sin an ról lárnach atá ag comhlachtaí a bhunaítear leis an gCoinbhinsiún;

15. IARRANN SÍ go ndéanfar athbhreithniú rathúil ar Shásra Idirnáisiúnta Vársá le haghaidh Caillteanais agus Damáiste agus ar an gCoiste um Oiriúnú ag COP 22 agus go dtabharfar an t-athbhreithniú i gcrích chun go mbeifear in ann leanúint leis an obair ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta i ndáil le Coiste Pháras maidir le Fothú Acmhainní (CPFA) a sheoladh, go sonrach trí théarmaí tagartha an choiste a chomhaontú, agus an tionscnamh maidir le fothú acmhainní le haghaidh trédhearcachta a sheoladh;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, GO BUÍOCH, an dul chun cinn atá déanta ag na páirtithe chun feabhas a chur ar thuairisciú trédhearcach ar a gcuid gníomhaíochtaí maolaithe; TÁ SÍ AG TNÚTH leis an gcéad bhabhta eile de na próisis iltaobhacha measúnaithe agus den chomhroinnt éascaitheach tuairimí faoin gCoinbhinsiún i Marrakech; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí agus atá na gníomhaíochtaí sin maidir le heolas a thabhairt i ndáil le modúlachtaí comhchoiteanna, nósanna imeachta agus treoirlínte an chreata trédhearcachta agus treoirlínte cuntasachta a fhorbairt faoi Chomhaontú Pháras;

**Gníomhaíocht réamh-2020 agus an clár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide**

17. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go gcaithfidh gach páirtí beart a dhéanamh chun feabhas a chur ar an ngníomhaíocht réamh-2020; IS DÍOL SÁSAIMH DI an próiseas le deiseanna a shainaithint le feabhas a chur ar an uaillmhian mhaolaithe réamh-2020 i réimse ina bhfuil acmhainneacht ard mhaolaithe agus leis na beartais dea-chleachtais mhaolaithe agus teicneolaíochtaí cruthaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscnamh fuinnimh inathnuaite na hAfraice, cúnant domhanda na méaraí don aeráid agus don fhuinneamh, misean na nuálaíochta, an chomhghuaillíocht don aeráid agus don aer glan, an tionscnamh árachais maidir le riosca don aeráid agus an tionscnamh i ndáil le riosca aeráide agus córais luathrabhaidh; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an próiseas le tuiscint ar na gníomhaíochtaí oiriúnaithe, cur chun feidhme agus cur chun cinn na ngníomhaíochtaí sin a neartú, leis an teacht aniar a neartú agus le leochaileachtaí a laghdú;

18. CUIREANN SÍ i bhFÁTH a thábhachtaí agus atá sé go mbainfear amach cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir leis an gcomhar iltaobhach tríd an gcoinbhinsiún agus trí ghníomhaíochtaí saorálacha agus comhoibritheacha tríd an gclár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a dhéanann údaráis fho-náisiúnta, cathracha, an lucht gnó agus an tsochaí shibhialta; CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a áirithiú ó thaobh na hairde polaitiúla i gcás roghanna maolaithe agus oiriúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann trí phróiseas an scrúdaithe theicniúil a nascadh le himeachtaí rialta ag cruinnithe idirsheisiúnacha agus le himeachtaí ardleibhéil bliantúla ag COPanna a bheidh ann amach anseo go dtí 2020, chomh maith leis an ngá atá ann an bhéim ar chruinnithe na saineolaithe teicniúla a chúngú agus iad a nascadh le tionscnaimh nithiúla sa chlár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide ar bhealach níos soiléire; TÁ SÍ AG TNÚTH LEIS an imeacht ardleibhéil ag COP 22 le cur chun feidhme na ndea-chleachtas, na roghanna beartais agus na ngníomhaíochtaí a neartú;

19. AITHNÍONN SÍ gur cheart cabhrú le gníomhaíocht réamh-2020 níos fearr trí bhealaí cur chun feidhme, lena n-áirítear airgeadas, forbairt agus aistriú na teicneolaíochta, agus fothú acmhainní, go háirithe i gcás na dtíortha sin a bhfuil an acmhainn is lú acu nó na dtíortha sin atá an-leochaileach; TÁ SÍ AG TNÚTH le hidirphlé éascaitheach ag COP 22 le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na deiseanna atá ann le leas a bhaint as timpeallachtaí tacaíochta agus cumasúcháin; MEABHRAÍONN SÍ a thiomanta atá an tAontas agus a Bhallstát dul chun cinn a dhéanamh maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne i gcomhthéacs an athraithe aeráide;

**Próisis eile**

20. TÁ SÍ AG TNÚTH le comhaontú uaillmhianach faoi Phrótacal Montréal, i gcomhréir le sainordú na Comhairle, chun srian a chur ar an úsáid a bhaintear as hidreafluaracarbóin (HFCanna) agus ar tháirgeadh hidreafluaracarbóin mar rannchuidiú tábhachtach chun an t-athrú aeráide a mhaolú ag an 28ú Cruinniú de chuid na bPáirtithe (MOP 28) i bPrótacal Montréal amach anseo (Kigali, 8 - 14 Deireadh Fómhair 2016);

21. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí a rinne an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus go nglacfar beart atá bunaithe ar an margadh domhanda ag comhthionól ICAO a bheidh ann amach anseo (ón 27 Meán Fómhair go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2016), i gcomhréir le seasamh an Aontais, mar chéad chéim de chuid na hearnála eitlíochta i dtreo tuilleadh iarrachtaí domhanda a dhéanamh le haghaidh maolú; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá an tsláine chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gcomhaireamh dúbailte a sheachaint;

22. MOLANN SÍ don Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta díriú arís ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón loingseoireacht idirnáisiúnta a mhaolú d'fhonn a cion a dhéanamh san iarracht dhomhanda na hastaíochtaí sin a mhaolú.